2025.M88

2025L001B1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gaeilge

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

## Bonnleibhéal

Dé Luain 9 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:20

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / / Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá trí chuid sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | Cluastuiscint | 120 marc |
| Freagair **gach** ceist. | | |
| Cuid II:  ROINN I | Léamhthuiscint | 150 marc |
| Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3). | | |
| Cuid II:  Roinn II | Scríobh na Teanga | 90 marc |
| Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b). | | |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an fhreagarleabhair. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.




Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid**.

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **120 marc** |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.


**Ceist 1 (a)** Cad a thiomáineann Seán ar an bhfeirm gach lá?







**Ceist 1 (b)** Cén rud a cheannaigh a dhaid do Sheán le déanaí?

| | |
|---|---|
| Capall | |
| Bó | |
| Cearc | |

**Ceist 2 (a)** Cén seomra a osclaíodh go hoifigiúil inné?








**Ceist 2 (b)** Cathain a bheidh na ranganna ríomhaireachta do phobal an Spidéil ag tosú?

| | |
|---|---|
| I mí Eanáir | |
| I rith an tsamhraidh | |
| Inniu | |


**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil an caifé? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir maidin inniu?



**Ceist 5 (b)** Cén teocht a bheidh ann tráthnóna amárach?

| | |
|---|---|
| 4 chéim Celsius | |
| 10 gcéim Celsius | |
| 16 chéim Celsius | |

**Ceist 6 (a)** Cad a bhí ar siúl ag Liam nuair a bhain timpiste dó?

| | |
|---|---|
| Bhí sé ag imirt peile. | |
| Bhí sé ag rothaíocht. | |
| Bhí sé ag imirt rugbaí. | |

**Ceist 6 (b)** Cathain a bhí coinne ag Liam leis an dochtúir?

| | |
|---|---|
| Dé Sathairn seo caite | |
| An mhí seo caite | |
| Coicís ó shin | |

**Ceist 7 (a)** Cén marc a bhronn an múinteoir Gaeilge ar scrúdú Aoife le déanaí?

| | |
|---|---|
| 55% | |
| 70% | |
| 80% | |

**Ceist 7 (b)** Cé mhéad leathanach a scríobh Aoife mar fhreagra?

| | |
|---|---|
| Dhá leathanach | |
| Trí leathanach | |
| Ceithre leathanach | |

**Ceist 8 (a)** Cén costas a bhí ar charr úr Shíle?

| | |
|---|---|
| €500 | |
| €4,000 | |
| €4,500 | |

**Ceist 8 (b)** Cá huair a bhíonn lá saor ag an mbainisteoir?

| | |
|---|---|
| Dé hAoine | |
| Dé Sathairn | |
| Dé Domhnaigh | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 6–17 sa fhreagarleabhar seo.**

| Cuid II: Roinn I | Léamhthuiscint | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. **(40 marc)**

| Fógra | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| 1. **Comórtas Damhsa**<br>Duais €100<br>Anocht 7.30 p.m. | 1 | |
| 2. **Bialann Uí Néill**<br>Rogha an Lae<br>Ispíní agus Sceallóga €5 | 2 | |
| 3. **Páirc an Bhaile**<br>Fáilte roimh mhadraí | 3 | |
| 4. **Bus na Tuaithe**<br>Dé Luain – Dé Sathairn<br>3.00 p.m. | 4 | |
| 5. **Ciúnas sa Leabharlann**<br>Cosc ar fhóin phóca | 5 | |
| 6. **Siopa Éadaí**<br>Sladmhargadh<br>Lacáiste 20% ar gach rud | 6 | |
| 7. **Crainn Nollag ar Díol**<br>€20 an crann | 7 | |
| 8. **An Garáiste Áitiúil**<br>Carranna ar díol<br>Buail isteach! | 8 | |
| 9. **Dúnta!**<br>An scoil dúnta de bharr an tsneachta | 9 | |
| 10. **Toghchán na Scoile**<br>Cuir do vóta sa bhosca vótála! | 10 | |






























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Gaelscoil Uí Riain
Dún Garbhán
Co. Phort Láirge.
10 Meitheamh 2025

Laoise Ní Shé
An Rinn
Co. Phort Láirge.

A Laoise, a chara,

Go raibh maith agat as do litir a tháinig chugainn anseo i nGaelscoil Uí Riain Dé Máirt seo caite, 4 Meitheamh. Is léir go bhfuil an-suim agat san oideachas trí Ghaeilge. Dúirt tú gur chaith tú trí bliana i nGaelscoil na Trá, dhá bhliain i nGaelscoil Sheoighe agus bliain amháin i Scoil Náisiúnta an tSléibhe.
Is léir freisin go bhfuil suim agat sa cheol agus sa spórt. Feicim go bhfuair tú an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta ag an bhFleadh Cheoil an bhliain seo caite agus gur bhuaigh tú an comórtas damhsa ar an sean-nós ag an Oireachtas i gCill Airne in 2023. Luann tú freisin go bhfuil boinn éagsúla buaite agat sa pheil agus san iománaíocht le do chlub CLG áitiúil sa Rinn.
Tá an-bhéim sa scoil seo ar chúrsaí spóirt agus ceoil agus mar sin, ba bhreá linn labhairt leat. Beidh mé ar fáil san oifig ón Luan 17 Meitheamh go dtí an Déardaoin 20 Meitheamh ach ní bheidh mé ar fáil ar an Aoine 21 Meitheamh.

Is mise,
Eoghan Ó Sé, Príomhoide.

**Ceisteanna**

**1.** Cén dáta a tháinig an litir chuig Gaelscoil Uí Riain?

| | |
|---|---|
| 4 Meitheamh | |
| 17 Meitheamh | |
| 21 Meitheamh | |

**2.** Cé mhéad bliain a chaith Laoise i nGaelscoil na Trá?

| | |
|---|---|
| Bliain amháin | |
| Dhá bhliain | |
| Trí bliana | |

**3.** Cén comórtas a bhuaigh Laoise ag an Oireachtas in 2023?

| | |
|---|---|
| Amhránaíocht | |
| Damhsa | |
| Spórt | |

**4.** Cá bhfuil club CLG áitiúil Laoise suite?

| | |
|---|---|
| Sa Rinn | |
| I nDún Garbhán | |
| I gCill Airne | |

**5.** Cad iad na laethanta a bheidh Eoghan ar fáil san oifig?

| | |
|---|---|
| Ó Luan go hAoine | |
| Ó Chéadaoin go hAoine | |
| Ó Luan go Déardaoin | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara**



Tá Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh suite i gcroílár na Gaeltachta i Ros Muc, Conamara. Osclaíodh an t-ionad in 2016 agus déantar ceiliúradh ann ar shaol Phádraig Mhic Phiarais.

Ba scríbhneoir agus réabhlóidí cáiliúil é an Piarsach. Bhí sé ar dhuine de cheannairí Éirí Amach na Cásca, 1916. Thóg an Piarsach a theach i Ros Muc in 1909 agus chaith sé go leor ama ann ag scríobh agus ag foghlaim Gaeilge. Tá go leor le déanamh ag cuairteoirí san áit seo. Is féidir leo cuairt a thabhairt ar theach an Phiarsaigh atá díreach mar a d'fhág sé é. Tá cartlann, caifé, siopa beag agus WiFi saor in aisce istigh san ionad féin. Tá taispeántas idirghníomhach agus cur i láthair closamhairc san ionad chomh maith. Bíonn daoine ansin freisin a chuireann turais ar fáil. Tugann siad eolas do chuairteoirí ar shaol an Phiarsaigh agus ar an am a chaith sé i Ros Muc. Tá siúlóid álainn idir an t-ionad féin agus teach an Phiarsaigh.

Bíonn an t-ionad oscailte ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair ó 9.45 a.m. go dtí 6.00 p.m. agus ó mhí na Samhna go dtí mí na Bealtaine ó 9.45 a.m. go dtí 4.00 p.m. Tá fáilte roimh ghrúpaí agus roimh scoláirí.

Is féidir ticéid a cheannach san ionad féin nó ar an suíomh idirlín. Is é an costas ná cúig euro do dhaoine fásta, ceithre euro do sheanóirí, trí euro do mhic léinn agus do pháistí os cionn ceithre bliana déag d'aois, agus trí euro déag do theaghlaigh.

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a osclaíodh Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh?

| | |
|---|---|
| 1909 | |
| 1916 | |
| 2016 | |

**2.** Cén ról a bhí ag an bPiarsach in Éirí Amach na Cásca, 1916?

| | |
|---|---|
| Ar dhuine de na ceannairí | |
| File | |
| Cuairteoir | |

**3.** Cad atá idir an t-ionad féin agus teach an Phiarsaigh?

| | |
|---|---|
| Caifé | |
| Siúlóid álainn | |
| Siopa beag | |

**4.** Cén t-am a bhíonn an t-ionad oscailte ó mhí na Samhna go dtí deireadh mhí na Bealtaine?

| | |
|---|---|
| Ní bhíonn sé oscailte. | |
| 9.45 a.m. go dtí 4.00 p.m. | |
| 9.45 a.m. go dtí 6.00 p.m. | |

**5.** Cén costas atá ann do mhic léinn?

| | |
|---|---|
| €3 | |
| €4 | |
| €13 | |

**(c)** Léigh an **scéal** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**De Réir a Chéile a Thógtar na Caisleáin …**

Bhí suim ag Liam i gcónaí i gcúrsaí spóirt. Thaitin gach cineál spóirt leis: peil, sacar, galf, cispheil … aon chluiche le liathróid. Ba í an iománaíocht an spórt ab fhearr leis. Gach lá tar éis na scoile théadh Liam díreach abhaile agus chaitheadh sé cúpla uair an chloig ag bualadh na liathróide in aghaidh an tí. Bhí fadhb amháin aige, áfach. Cé go raibh sé ar fhoireann na scoile agus ar fhoireann an chlub ní raibh sé maith go leor le himirt ar fhoireann an chontae. Labhair Liam le traenálaí an chlub, Séamus Ó hAodha, iar-imreoir de chuid an chontae. D'iarr sé comhairle air. Bhí an-mheas ag Liam air. Bhí áthas ar Shéamus gur tháinig Liam chuige. "Ós rud é gur tháinig tú chugam," a dúirt Séamus, "tá roinnt rudaí is féidir leat a fheabhsú." Shuigh Séamus síos le Liam agus luaigh sé an laige ba mhó a bhí feicthe aige in imirt Liam. Bhí Liam leithleach leis an liathróid cé go raibh sé aclaí agus sciliúil, dar le Séamus. Dúirt sé go mbeadh ar Liam díriú ar a bheith ina imreoir foirne. Ghortaigh an ráiteas sin Liam ach thuig sé go raibh Séamus ag iarraidh cabhrú leis. Bhí cluiche scoile ag Liam an tseachtain dár gcionn san iománaíocht. Smaoinigh sé ar an rud a dúirt Séamus agus thug sé an liathróid do na himreoirí eile níos minice. Níor scóráil Liam é féin ar chor ar bith an lá sin, ach d'éirigh go maith leis an bhfoireann agus bhuaigh siad le deich bpointe! Lean Liam leis an imirt seo agus faoi dheireadh na bliana shroich a fhoireann cluiche ceannais an chontae agus bhuaigh siad é! Pas láimhe idir Liam agus imreoir eile a bhuaigh an cluiche dóibh i nóiméad deiridh na himeartha. Bronnadh gradam laoch na himeartha ar Liam. An oíche sin fuair Liam glaoch ar a fhón póca. "Dia duit, a Liam," a dúirt an guth ar an bhfón. "Mise Seán Ó Luasa, bainisteoir fhoireann an chontae …"

**Ceisteanna**

**1.** Cén spórt ab fhearr le Liam?

| | |
|---|---|
| Peil | |
| Sacar | |
| Iománaíocht | |

**2.** Ní raibh sé maith go leor le himirt ar ...

| | |
|---|---|
| fhoireann an chlub. | |
| fhoireann an chontae. | |
| fhoireann na scoile. | |

**3.** Cén laige ba mhó a bhí feicthe ag Séamus in imirt Liam?

| | |
|---|---|
| Bhí Liam sciliúil. | |
| Bhí Liam aclaí. | |
| Bhí Liam leithleach. | |

**4.** Conas a d'éirigh le foireann Liam sa chluiche an tseachtain dár gcionn?

| | |
|---|---|
| Níor scóráil siad. | |
| Bhuaigh siad le 10 bpointe. | |
| Níor bhuaigh siad. | |

**5.** Cé a ghlaoigh ar fhón Liam an oíche sin?

| | |
|---|---|
| Na himreoirí eile | |
| Séamus Ó hAodha | |
| Seán Ó Luasa | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Heimir Hallgrímsson**



I mí Iúil 2024, d'fhógair Marc Canham ó Chumann Peile na hÉireann (FAI) go raibh bainisteoir nua roghnaithe acu le haghaidh fhoireann sacair na hÉireann; Heimir Hallgrímsson ón Íoslainn. Nuair a d'fhág an t-iarbhainisteoir, Stephen Kenny, i mí na Samhna 2024 thóg sé 231 lá sular ceapadh bainisteoir nua ina áit!

Rugadh Hallgrímsson ar an 10 Meitheamh 1967 i mbaile beag iascaireachta ar oileán Heimaey san Íoslainn. Bhí an-suim ag teaghlach Hallgrímsson san iascaireacht. Bhí post ag a athair mar dheisitheoir líontán iascaireachta agus a ghnó féin aige ar an oileán.

D'fhreastail Hallgrímsson ar Ollscoil Réicivíc. Rinne sé staidéar ar an eolaíocht ríomhaireachta mar gur mhaith leis a bheith ina innealtóir. D'fhág sé an cúrsa sin, áfach, agus thosaigh sé ar chúrsa fiaclóireachta. Cháiligh sé mar fhiaclóir agus d'oscail sé clinic ar an oileán go luath ina dhiaidh sin.

B'imreoir sacair cumasach é Hallgrímsson. D'imir sé le clubanna éagsúla san Íoslainn idir 1996 agus 2007. D'éirigh leis roinnt taithí a fháil mar bhainisteoir ag an am céanna. Bhí sé ina bhainisteoir ar fhoireann na mban le linn a thréimhse leis an gclub sacair Höttur. Ina dhiaidh sin, chaith sé tréimhsí mar bhainisteoir lena chlub áitiúil ÍBV idir 2006 agus 2011. Tá cáil air de bharr a thréimhse mar chomhbhainisteoir ar fhoireann na hÍoslainne idir 2013 agus 2016. D'imir an Íoslainn i gcomórtas Euro 2016 agus chuaigh siad a fhad leis an gcluiche ceathrú ceannais.

Tá gach duine, go háirithe iad siúd a bhfuil suim acu sa sacar, ag súil go mbeidh rath ar Hallgrímsson agus é ina bhainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann. Ádh mór air ina ról nua!

**Ceisteanna**

**1.** Cad is ainm don bhainisteoir nua?

| | |
|---|---|
| Marc Canham | |
| Heimir Hallgrímsson | |
| Stephen Kenny | |

**2.** Cén post a bhí ag athair Hallgrímsson?

| | |
|---|---|
| Innealtóir | |
| Fiaclóir | |
| Deisitheoir | |

**3.** Cén ollscoil ar fhreastail Hallgrímsson uirthi?

| |
|---|
| |

**4.** Cad a rinne Hallgrímsson nuair a cháiligh sé mar fhiaclóir?

| | |
|---|---|
| Rinne sé staidéar. | |
| D'oscail sé clinic. | |
| Chláraigh sé ar chúrsa. | |

**5.** Cá huair a bhí sé ina chomhbhainisteoir ar fhoireann na hÍoslainne?

| | |
|---|---|
| Idir 1996 agus 2007 | |
| Idir 2006 agus 2011 | |
| Idir 2013 agus 2016 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**'Bean an Fhir Ruaidh', Singil Nua le Diane Ní Chanainn**




I mí Mheán Fómhair 2024 eisíodh leagan den amhrán 'Bean an Fhir Ruaidh' leis an amhránaí Diane Ní Chanainn as Mín Lárach, Contae Dhún na nGall mar shingil digiteach. Is é seo an chéad traic óna halbam nua. Is leagan áitiúil é den amhrán traidisiúnta a d'fhoghlaim Diane ón amhránaí sean-nóis Brian Danny Minnie Ó Domhnaill as Anagaire. Ba í an ceoltóir Róise Rua as Árainn Mhór a chum an t-amhrán an chéad lá riamh.

Bhí clú agus cáil ar Róise Rua as na hamhráin thraidisiúnta a chanadh sí. Bhí Pádraig Ua Cnáimhsí ag obair mar mhúinteoir in Árainn Mhór sna 1950idí. Thug sé cuireadh do Phroinsias Ó Conluain, bailitheoir béaloidis, teacht chun an oileáin agus ábhar béaloidis a bhailiú in éineacht leis. Bhailigh an bheirt acu go leor amhrán ó Róise Rua. Chuir an t-eagarthóir Cathal Goan dlúthdhiosca le chéile sna 1990idí. Bhí amhráin éagsúla de chuid Róise Rua ar an dlúthdhiosca. Bhí tionchar mór ag an albam sin ar cheoltóirí áitiúla an cheantair. Cuireadh Féile Róise Rua ar bun in Árainn Mhór in 2018 in ómós don amhránaí cáiliúil. Bíonn Féile Róise Rua ar siúl i mí na Bealtaine gach bliain ó shin.

Rinneadh físeán den leagan nua den amhrán 'Bean an Fhir Ruaidh' a thaifeadadh i nDrioglann Chroithlí. Tá Steve Cooney le cloisteáil ar an traic in éineacht le Diane Ní Chanainn, agus é ag seinm an ghiotáir. Cloistear an ceoltóir Dónal O'Connor freisin agus é ag seinm an veidhlín.

**Ceisteanna**

**1.** Cárb as do Diane Ní Chanainn?

| | |
|---|---|
| Anagaire | |
| Árainn Mhór | |
| Mín Lárach | |

**2.** Cén post a bhí ag Pádraig Ua Cnáimhsí?

| | |
|---|---|
| Eagarthóir | |
| Múinteoir | |
| Amhránaí | |

**3.** Cá huair a chuir Cathal Goan an dlúthdhiosca le chéile?

| | |
|---|---|
| In 2024 | |
| Sna 1950idí | |
| Sna 1990idí | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl in Árainn Mhór i mí na Bealtaine gach bliain?

| |
|---|
| |

**5.** Cé atá le cloisteáil ar an traic ag seinm an ghiotáir?

| | |
|---|---|
| Steve Cooney | |
| Proinsias Ó Conluain | |
| Dónal O'Connor | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

**Seán agus a chat**

**(1)**
Garsún deas é Seán
Mac lem' chomharsa Seoirse,
Feicim é gach lá
'S a chaitín bán ina chóngar.

**(2)**
Ag súgradh bhíd go sámh
An cat 's Seán le chéile,
Tá clis ar fheabhas ag Seán
Ach buann an cat go caoch air.

**(3)**
Is peata an caitín
Is peata Seán gan amhras,
Ach tá an saol róbhreá
Ach ní bheidh go breá ar ball beag.

**(4)**
Nuair a rachaidh Seán ar scoil
Is baol ná beidh sé sásta,
Ní áit do pheata an scoil
Ach áit do léamh 's áireamh.

**(5)**
'S rachaidh an cat ar fán
Nuair ná beidh Seán ina chóngar,
'S ní bhfaighidh sé cóir ná ceart
I measc sheanchait na gcomharsan.

**(le Peadar Ó hAnnracháin)**



*(Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an fhile roimh ré.)*

**Ceisteanna**

**1.** Cén sórt garsúin é Seán, dar leis an bhfile?

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | |
| Deas | |
| Bán | |

**2.** Cé a bhuann, dar leis an bhfile?

| | |
|---|---|
| Seán | |
| An cat | |
| Seoirse | |

**3.** Cathain nach mbeidh an saol go breá?

| |
|---|
| |

**4.** Cá rachaidh Seán?

| | |
|---|---|
| Ar scoil | |
| Abhaile | |
| Teach a chomharsan | |

**5.** Cá rachaidh an cat?

| | |
|---|---|
| Ar scoil | |
| Ar fán | |
| Le Seán | |

## Cuid II: Roinn II — Scríobh na Teanga — 90 marc

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b)

Tá Ceist 4 (a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4 (b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5 (a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5 (b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b).

**Ceist 4 (a)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**













| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**Ceist 4 (b) Foirm Iarratais** **(45 marc)**

Ba mhaith leat a bheith ag obair an samhradh seo mar chúntóir i siopa áitiúil.
Líon isteach an Fhoirm Iarratais atá anseo thíos. [Nóta: Is tusa Nuala Seoighe]

**An Siopa Áitiúil, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.**

**Foirm Iarratais do Phost mar Chúntóir Siopa**

Ainm: Nuala Seoighe Uimhir theileafóin: ………………………………………………………..

Seoladh: ………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………

Aois: ………………………………………………………… Dáta Breithe: …………………………………………………

Cén scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ………………………………………………………………………

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………

An bhfuil post agat faoi láthair? ………………………………………………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: …………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………

An raibh post agat i siopa riamh cheana? ……………………………………………………………………………

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? ………………………………………………

Cuir **tic** (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh:

16 Aibreán ☐ 5 Bealtaine ☐ 10 Meitheamh ☐

Scríobh **alt gearr** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat post páirtaimseartha mar chúntóir sa siopa áitiúil seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Síniú: *Nuala Seoighe* Dáta: ______________________________

**Ceist 5 (a)** Féach ar an bpictiúr thíos. **(45 marc)**

Chuaigh tú féin agus do chairde chuig **Féile Cheoil** an samhradh seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin bhféile cheoil sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.


## Féile Cheoil



**Ceist 5 (b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos. **(45 marc)**

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar an trá le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Ag siúl ar an trá<br>Ag comhrá | Fear ag snámh<br>I dtrioblóid | Ag cabhrú<br>Baoi tarrthála | Sábháilte<br>Buíoch |

## Eachtra a Tharla agus Mé ar an Trá

Spás le haghaidh scríbhneoireacht bhreise.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

# Admhálacha

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| Na híomhánna ar leathanach 3: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 4: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| An íomhá ar leathanach 8: | www.bing.com |
| An íomhá ar leathanach 10: | www.bing.com |
| An íomhá ar leathanach 11: | www.donegallive.ie |
| An íomhá ar leathanach 12: | www.pexels.com |
| Na híomhánna ar leathanach 14: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit; www.irishnews.com |
| Na híomhánna ar leathanach 16: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 17: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

**Téacsanna:**

| | |
|---|---|
| An téacs ar leathanach 8: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 10: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 11: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal

# Gaeilge – Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Dé Luain 9 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:20